Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65.

Use of Bilingual Dictionaries in the Certificate Examinations

S04/19

To: Authorities of Second Level Schools/External Candidates.

The State Examinations Commission (SEC) permits the use of bilingual translation dictionaries in the certificate examinations by candidates whose first language is not English or Irish.

Subjects in which the use of dictionaries is not permitted

1. **The candidate's first language. e.g. a candidate whose first language is French will not be permitted to use the dictionary in the French examination**
2. **English**
3. **Irish**
4. **A language closely related to the candidate's first language. Where a query arises as to the definition of a closely related language, the SEC must be consulted in advance of the examination for advice in this respect**

Dictionary Specification

- Bilingual translation dictionaries between the candidate's first language and English or Irish (i.e. without explanation of terms/definition) are permitted.

- Electronic bilingual dictionaries, translators, wordlists or glossaries, are not permitted.

Provision of Bilingual Dictionaries

Where the use of a bilingual dictionary has been certified by the school, or where an external candidate meets the requirement to use a bilingual dictionary, those candidates may use their own dictionaries provided these are free from additional personal notes/notation during the examinations. The bilingual dictionaries must be made available for inspection by the examination centre superintendent before the commencement of each examination session. There are no circumstances in which the SEC will provide bilingual dictionaries to candidates.

Information for Schools

Schools are empowered to certify the use of bilingual translation dictionaries in the case of candidates who meet the requirements set out above and who wish to avail of this facility. Details of those candidates should be included on enclosed **Form D19. Please bring the contents of this circular to the attention of the candidates concerned.**

The SEC will notify each examination superintendent with regard to the candidate(s) in his/her centre for whom the use of a bilingual dictionary has been approved. In cases where schools appoint superintendents to special centres, school authorities are asked to advise these superintendents of instances where the use of a bilingual dictionary has been certified.

Information for External Candidates

External candidates who meet the requirement set out above should complete **Form D19/E10. Please note the contents of this circular.**

General Information – Return of applications

All application forms should be returned to the State Examinations Commission no later than **15th March, 2019**. Please return the application forms in the special envelope provided. **Only** this application form should be enclosed in this envelope. All enquiries relating to this circular should be directed to: Telephone: 090 –6442782/6442784/6442785.

Paddy Quinn
January 2019

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP 65.

Úsáid Foclóirí Dátheangacha sna Scrúduithe Teastais

Chuig: Údaráis na Scoileanna Dara Leibhéal / Iarrthóirí Seachtracha **S04/19**

Ceadaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) d'iarrthóirí nach é an Béarla ná an Ghaeilge a gcéadteanga foclóirí dátheangacha a úsáid sna scrúduithe teastais.

Ábhair nach gceadófar foclóirí a úsáid iontu:

1. **Céadteanga an iarrthóra**
2. **An Béarla**
3. **An Ghaeilge**
4. **Teanga atá gaolmhar le céadteanga an iarrthóra. (Más í an Fhraincis céadteanga an iarrthóra, mar shampla, ní cheadófar dó/di foclóir a úsáid i scrúdú Fraincise. Nuair a éiríonn aon cheist maidir le sainmhíniú ar an rud is teanga ghaolmhar ann, ní mór dul i dteagmháil leis an gCoimisiún roimh an scrúdú lena gcomhairle a fháil ina leith.)**

Sonrú Foclóra

- Beidh sé de chead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóirí dátheangacha i gcomhair aistriúcháin idir céadteanga an iarrthóra agus an Béarla nó an Ghaeilge, i.e. foclóirí gan sainmhíniú ar fhocail agus ar théarmaí iontu.
- Ní cheadófar foclóirí dátheangacha leictreonacha, aistritheoirí leictreonacha, liostaí focal ná gluaiseanna.

Soláthar Foclóirí Dátheangacha

Nuair a cheadaíonn an scoil úsáid a bhaint as foclóir dátheangach, tig le hiarrthóirí úsáid a bhaint as a bhfoclóirí féin ar an gcoinníoll nach mbeidh aon nótaí ná nodaireacht phearsanta eile iontu le linn na scrúduithe. Caithfear na foclóirí dátheangacha a chur ar fáil don fheitheoir san ionad scrúduithe go ndéanfar iniúchadh orthu roimh thús gach seisiúin scrúduithe. Ní chuirfidh CSS foclóirí dátheangacha ar fáil d'iarrthóirí ar chúinse ar bith.

Faisnéis do Scoileanna

Tá sé de chumhacht ag na scoileanna úsáid foclóirí dátheangacha i gcomhair aistriúcháin a cheadú i gcás iarrthóirí a chomhlíonann an choinníoll atá leagtha amach thuas agus ar mian leo leas a bhaint as an áis seo. Ba chóir sonraí na n-iarrthóirí sin a scríobh ar an bh**Foirm D19** atá ag gabháil leis seo. **Cuirtear a bhfuil sa chiorclán seo ar a súile do na hiarrthóirí lena mbaineann sé, le do thoil.**

Cuirfidh an CSS scéala chuig gach feitheoir scrúduithe maidir leis an iarrthóir/na hiarrthóirí ina (h)ionad ar ceadaíodh dóibh feidhm a bhaint as foclóir dátheangach. Nuair a cheapann scoileanna feitheoirí d'ionaid speisialta, iarrtar ar údaráis na scoileanna na feitheoirí sin a chur ar an eolas i gcás ar bith a gceadaítear úsáid a bhaint as foclóir dátheangach.

Faisnéis d'Iarrthóirí Seachtracha

Iarrthóirí a chomhlíonann an choinníoll atá leagtha amach thuas agus ar mian leo úsáid a bhaint as foclóir dátheangach i gcomhair aistriúcháin i scrúdú i mbliana, ba chóir dóibh **Foirm D19/E10** a chomhlánú. **Tabhair do d'aire a bhfuil sa chiorclán seo, le do thoil.**

Eolas Ginearálta – Iarratais

Ní mór do na foirmeacha iarratais go léir a bheith ar ais ag CSS tráth nach déanaí ná **15 Márta, 2019**. Seoltar na foirmeacha iarratais ar ais sa chlúdach speisialta atá curtha ar fáil chuige sin. Ní cóir aon rud a chur ar ais sa chlúdach sin ach an fhoirm iarratais seo **amháin**.

Ba chóir gach fiosrú faoin gciorclán seo a dhéanamh ar na huimhreacha seo: 090- 6442782/ 6442784/ 6442785

Paddy Quinn
Eanair 2019